Deimhniú Cosantach (PC)

Is é atá i nDeimhniú Cosantach (PC) ná deimhniú a n-eisíonn an Chúirt é agus lena dtugtar tréimhse cosanta d'fhéichiúnaí ar imeachtaí dlíthiúla arna dtionscnamh ag creidiúnaithe agus é/í ag déanamh iarratas ar DSA nó ar PIA. Ní fhéadfaidh creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis an duine le linn na tréimhse sin. Go ginearálta, bíonn Deimhniú Cosantach i bhfeidhm ar feadh 70 lá ach féadfar é a shíneadh i gcúinsí teoranta.

Caighdeán Maireachtála Réasúnach/Costais Mhaireachtála Réasúnacha

Ceanglaítear ar an ISI faoi alt 23 den Acht treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint maidir le cad is caighdeán maireachtála réasúnach ann agus maidir le cad is costais mhaireachtála réasúnacha ann.

Baineann na treoirlínte le hábhar maidir le hincháilitheacht féichiúnaí le haghaidh DRN a mheasúnú, le tograí DSA agus PIA a cheapadh agus le hordú íocaíochta féimheachta i bhFéimheacht a bheith á dhéanamh ag an gCúirt. Is é an aidhm atá leo go háirithe treoir a thabhairt d'Idirghabhálaithe Ceadaithe agus do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus iad ag measúnú, le haghaidh fhorálacha ábhartha an Achta, cad é atá i gceist le 'réasúnach' maidir le caighdeán maireachtála agus le costais mhaireachtála. Tá na treoirlínte ar fáil ar shuíomh Gréasáin an ISI.

[6] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/44/section/9/enacted/en/html#sec9

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2015

Clár Ábhar

Gluais Téarmaí 2

Brollach ón Stiúrthóir 6

An ISI – Ár bhFís agus Misean sa bhliain 2015 7

1.1 Céard a Dhéanaimid 7

1.2 Príomhréimsí Gnó 8

Staitisticí do 2015 ar Sracfhéachaint 10

Tuarascálacha Staidrimh do 2015 11

Bliain faoi Athbhreithniú - Príomhfhorbairtí 12

1.3 Feabhsuithe ar réitigh an ISI 12

Bliain faoi Athbhreithniú - Forbairtí Eagraíochta 15

1.4 Féimheacht 15

1.5 Reachtaíocht/Feabhsuithe Beartais 16

1.6 Rialáil 17

1.7 Bainistíocht Cásanna 19

An tAcht um Nochtadh Cosanta 22

Oibleagáid i leith Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann 22

1.8 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015 22

Déan Teagmháil Linn 23

Aguisín I 24

Liosta de na nuashonruithe ábhartha reachtaíochta a rinneadh in 2015 24

Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla (I.R.) 24

Liosta foilseachán de chuid an ISI a (ath)eisíodh in 2015 24

Foilseacháin 'Back on Track' 24
Leathanaigh Ghréasáin a cruthaíodh le linn 2015 24
Foilsiú treoirlínte athbhreithnithe maidir le Costais Mhaireachtála Réasúnacha agus le Caighdeán Maireachtála Réasúnach 25
Tuarascálacha Staidrimh do 2015 25
Aguisín II: Fís, Misean, Spriocanna agus Luachanna an ISI don tréimhse 2016 - 2019 26

Brollach ón Stiúrthóir

Bunaíodh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (an ISI) an 1 Márta 2013 faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 ("an tAcht"). Is é cuspóir an ISI daoine atá dócmhainneach a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta. Is in alt 9 den Acht a leagtar amach feidhmeanna an ISI.

Rinneadh roinnt tionscnaimh thábhachtacha bheartais agus feabhsuithe reachtacha sa bhliain 2015 maidir le dócmhainneacht phearsanta. I mí na Bealtaine, d'fhógair an Rialtas roinnt beart arb é is aidhm dóibh cabhrú le daoine atá i riaráiste morgáiste. Le reachtaíocht a tugadh isteach le déanaí, méadaíodh an teorainn fiachais chun cáiliú le haghaidh Fógraí Faoisimh Fiachais, tugadh isteach meicníocht athbhreithnithe cúirte le haghaidh Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann áras teaghlaigh ar vótáil creidiúnaithe ina n-aghaidh agus laghdaíodh an téarma féimheachta go bliain amháin.

Tá an ISI ag obair go dlúth le geallsealbhóirí éagsúla ón uair sin i leith ar roinnt ábhar, go háirithe an scéim um chúnamh agus tacaíocht d'fhéichiúnaithe[7] a sheolfar ar ball.

Sa bhliain 2015, chabhraigh an ISI le geall le 2,000 féichiúnaí réitigh bhuana fiachais a fháil lenar tugadh ar ais chun sócmhainneachta iad, ar méadú 70% ón mbliain 2014 é, agus tá sí ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh comhshocraíochtaí malartacha aisíocaíochta idir féichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Is a bhuí leis an bhfoireann thiomanta dhícheallach agus leis an gcabhair a fuarthas ó gheallsealbhóirí tábhachtacha, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) agus PIPanna a bhíothas in ann na héachtaí a leagtar amach sa Tuarascáil seo a bhaint amach.

D'fhoilsigh an ISI a Plean Straitéiseach nua don tréimhse 2016-2019 i mí an Mhárta 2016. Leagtar amach sa phlean na príomhchuspóirí don ISI sna trí bliana romhainn agus déantar forbairt leis ar an bplean a bhí in éifeacht sa bhliain 2015.

Lorcan O'Connor
Stiúrthóir
29 Aibreán 2016

[7] http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/PR16000032

An ISI – Ár bhFís agus Misean sa bhliain 2015

Comhlacht neamhspleách reachtúil a bunaíodh in 2013 chun déileáil le dócmhainneacht phearsanta is ea an ISI. Cé gur athraíodh chun dáta iad inár bPlean Straitéiseach 2016-2019, b'amhlaidh sa bhliain 2015:

- gurbh é ár bh**Fís** ná réitigh dhócmhainneachta pearsanta a chruthú a bheadh nua-aimseartha, cothrom agus éifeachtach agus a d'éascódh gníomhaíocht eacnamaíoch, agus
- gurbh é ár **Misean** ná réitigh dhócmhainneachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'fhéichiúnaithe ar bhealach a bheadh trédhearcach, dírithe ar an gcustaiméir agus cothrom do gach duine.

1.1 Céard a Dhéanaimid

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an ISI:

- faireachán a dhéanamh ar oibriú na socruithe a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta dá bhforáiltear sna hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015 ("na hAchtanna"), is iad sin: an Fógra Faoisimh Fiachais (DRN), an Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais (DSA) agus an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (PIA)
- iarratais ar DRNanna a mheas de réir na nAchtanna
- iarratais ar Dheimhnithe Cosantacha do DSAnna agus do PIAnna a phróiseáil de réir an Achta
- Cláir na DRNanna, na nDeimhnithe Cosantacha, na DSAnna agus na PIAnna a choinneáil ar bun
- feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar ábhair a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta agus faisnéis a chur ar fáil faoi oibriú na nAchtanna, oibriú an Achta Féimheachta, 1988, agus faoi ábhair ghaolmhara
- comhairle a chur ar an Aire faoi aon ní a bhaineann lena feidhmeanna
- daoine nó aicme daoine a údarú na feidhmeanna atá ag idirghabhálaí ceadaithe a chomhlíonadh agus maoirseacht agus rialáil a dhéanamh orthu ina leith sin
- daoine aonair a údarú cleachtas a sheoladh mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus maoirseacht agus rialáil a dhéanamh orthu ina leith sin
- treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint maidir le cad is caighdeán maireachtála réasúnach ann agus maidir le cad is costais mhaireachtála réasúnacha ann
- soláthar oideachais agus oiliúna den sórt sin a bhaineann le comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna a eagrú d'idirghabhálaithe ceadaithe, do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus do dhaoine eile, de réir mar is cuí léi

- cur le beartas a fhorbairt sa réimse dócmhainneachta pearsanta
- aon dualgais eile a chomhlíonadh agus aon chumhachtaí eile a shanntar dó leis na hAchtanna nó faoi na hAchtanna a fheidhmiú
- na feidhmeanna a shanntar don Sannaí Oifigiúil a riar (is iad feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil dul isteach agus maoin an fhéimhigh a réadú, na fiacha agus na dliteanais a fháil amach agus na sócmhainní a dháileadh de réir fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988)
- faisnéis agus staitisticí faoi oibriú na nAchtanna agus faoi oibriú an Achta Féimheachta, 1998, a thiomsú, a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh
- faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le cás na bhféichiúnaithe dócmhainneacha agus maidir le treochtaí agus patrúin in iompraíocht féichiúnaithe agus creidiúnaithe
- straitéisí a fhorbairt le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal d'fhonn úsáid na gcomhshocraíochtaí dócmhainneachta a chur chun cinn agus a gcur i bhfeidhm éifeachtach a fheabhsú

1.2 Príomhréimsí Gnó

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí gnó de chuid an ISI sa bhliain 2015:[8]

Féimheacht

Eastáit féimheachta a bhainistiú le linn faoiseamh fiachais a chur ar fáil d'fhéichiúnaithe.

Bainistíocht Cásanna

Na trí réiteach faoisimh fiachais a chuirtear ar fáil leis na hAchtanna a phróiseáil (DRN, DSA agus PIA).

Dlí agus Beartas

Seirbhísí dlí a chur ar fáil don ISI. Teagmháil le geallsealbhóirí ar ábhair bheartais.

Rialáil

Creat údaraithe agus maoirseachta a chur ar fáil le haghaidh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Ceadaithe.

[8] D'fhoilsigh an ISI a Plean Straitéiseach nua 2016-2019 i mí an Mhárta 2016 - tá an struchtúr athbhreithnithe eagrúcháin le fáil in Aguisín II.

Gnóthaí Corparáideacha

Seirbhísí rialachais chorparáidigh agus tacaíochta a chur ar fáil don eagraíocht.

Staitisticí do 2015 ar Sracfhéachaint

269 **Líon na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus na nIdirghabhálaithe Ceadaithe (daoine freagracha)** a bhí ar fáil chun bualadh aghaidh ar aghaidh le féichiúnaithe chun teacht ar réiteach ar a bhfadhbanna fiachais

Dhéileáil an ISI le fiachas **€2.7 billiún** in 2015

Tugadh geall le **190,000 cuairt** ar an dá shuíomh Gréasáin de chuid an ISI agus amharcadh ar leathanaigh na suíomhanna **1,100,000 uair** in 2015

71,740
LÍON NA nUAIREANTA A ÍOSLÓDÁLADH FOILSEACHÁIN

Sa bhliain 2015, déileáladh le geall le 13,000 glao teileafóin agus le geall le 5,000 ceist ríomhphoist ar líne faisnéise an ISI, rud ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'fhéichiúnaithe

76%

Céatadán na nDeimhnithe Cosantacha a eisíodh do PIAnna in 2015; is ionann an PIA agus an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste agus lena bhféachann leis an bhféichiúnaí a choinneáil in áras an teaghlaigh

1,371

Líon na nDeimhnithe Cosantacha a eisíodh in 2015

Líon na réiteach fiachais **DRN, DSA agus PIA** a ceadaíodh in 2015, ar méadú **120%** é ó 2014

Ghlac creidiúnaithe le **76.6%** de thograí DSA agus PIA

479

Líon na bhFéimheachtaí in 2015. B'ionann é sin agus **méadú 7%** ar na 448 gcinn a bhí ann in 2014. Bhí an méadú sin faoi réir méadú i líon na n-achainíocha féichiúnaithe, a bhí freagrach as 93% de na féimheachtaí uile in 2015

Síneadh tarscaoileadh táillí iarratais an ISI agus laghdaíodh costais iarratais féimheachta tuilleadh go thart ar **€270**

[Tuarascálacha Staidrimh do 2015]

Bliain faoi Athbhreithniú - Príomhfhorbairtí

1.3 Feabhsuithe ar réitigh an ISI

I mí na Bealtaine, d'aontaigh an Rialtas roinnt bearta nua lena dtabharfaí tacaíocht do shealbhóirí morgáiste i riaráiste.

1.3.1 Athbhreithniú Cúirte ar PIAnna ar vótáladh ina n-aghaidh

Leis an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015, tugadh an deis isteach do dhuine dócmhainneach a iarraidh go ndéanfadh na Cúirteanna athbhreithniú neamhspleách má dhiúltaíonn a gcreidiúnaithe dá dtogra le haghaidh Comhshocraíochta um Dhócmhainneacht Phearsanta, ar an gcoinníoll go n-áirítear riaráistí morgáiste ar a n-áras sa togra. Cuireadh tús le Rialacha Cúirte leasaithe bainteach leis sin i Samhain 2015.

Leis an bpróiseas athbhreithnithe, cumasaítear PIP, ar threoir a fháil óna chliant/cliant (an féichiúnaí), ordú a iarraidh ón gCúirt lena ndeimhnítear teacht in éifeacht na Comhshocraíochta beartaithe Dócmhainneachta Pearsanta. Má éiríonn leis an athbhreithniú Cúirte, deonóidh an Chúirt an t-ordú sin agus tiocfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in éifeacht.

1.3.2 Tairseach an Fhógra Faoisimh Fiachais (DRN)

Leasaíodh an tAcht chun méadú a dhéanamh ar an tairseach fiachais d'incháilitheacht le haghaidh DRN freisin. Méadaíodh í ó €20,000 go €35,000. Cuireann sé sin ar chumas daoine atá ar ioncam íseal agus ar bheagán sócmhainní a iarraidh go ndíscríobhfar fiacha is fiú €35,000 ar a mhéad tar éis tréimhse trí bliana.

1.3.3 An tAcht Féimheachta (Leasú) 2015

Síníodh an tAcht Féimheachta (Leasú) 2015 ("Acht 2015") isteach sa dlí ag deireadh na bliana. Le hAcht 2015, laghdaítear gnáthfhad na féimheachta ó thrí bliana go bliain amháin. Laghdaítear leis an Acht an tionchar atá ag féimheacht i gcúinsí áirithe trí fhoráil a dhéanamh d'athdhílsiú a árais/hárais don fhéimheach d'fhonn cabhrú leis/léi dul ar ais chun sócmhainneachta agus chuig gnáthghníomhaíocht eacnamaíoch go luath. Foráiltear leis d'fhad sínte féimheachta i gcásanna nach gcomhoibríonn an féimheach leis an bpróiseas féimheachta nó ina bhféachann sé/sí le hioncam nó le sócmhainní a cheilt. Le hathruithe eile a dhéantar ann, déantar na nósanna imeachta reatha féimheachta a chuíchóiriú agus a athchóiriú agus neartaítear nó soiléirítear cumhachtaí an tSannaí Oifigiúil.

1.3.4 Bunú an Fhóraim Chomhairligh

Bunaíodh Fóram Comhairleach i mí Iúil chun éifeachtacht oibriúcháin an ISI a choinneáil faoi athbhreithniú. Táthar ag súil go dtuairisceoidh an Fóram Comhairleach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus go ndéanfaidh sé moltaí nuair is cuí. Déantar ionadaíocht san Fhóram Comhairleach do chreidiúnaithe, d'fhéichiúnaithe, do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus do ghrúpaí ionadaíocha féichiúnaithe.

1.3.5 FGL a Thabhairt Isteach do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (PIPanna)

Le linn na bliana, d'fhorbair an ISI scéim um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do PIPanna. Is é cuspóir na scéime um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú

- go mbíonn PIPanna inniúil agus in ann tabhairt faoina ról mar PIP
- go gcoinníonn PIPanna ar an eolas maidir leis an reachtaíocht, na rialacháin agus an treoir ábhartha reatha

Cuireadh tús leis an scéim an 1 Eanáir 2016.

1.3.6 Pleanáil Fheabhsaithe Cumarsáide

Léiríonn an cur chuige a ghlacann an ISI i leith cumarsáide an cuspóir atá ag an eagraíocht a bheith cothrom agus trédhearcach agus í ag idirghníomhú le spriocphobail sheachtracha. Tá sé tábhachtach go bhfuil an pobal ar an eolas faoi na buntáistí ar leith a bhaineann le réiteach de chuid an ISI.

Cuireadh in iúl sa chinneadh ón Rialtas i mí na Bealtaine go raibh sé riachtanach don ISI tabhairt faoi fheachtas marthanach feasachta.

Bhunaigh an ISI Grúpa Tionscadail Chumarsáide i mí Dheireadh Fómhair chun aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach. Cuimsíonn an grúpa ionadaithe trasrannóige na heagraíochta agus tá sé mar chúram air gníomhaíochtaí cumarsáide a phleanáil agus a chomhordú chun a chinntiú go scaiptear teachtaireachtaí tábhachtacha ar gach geallsealbhóir ar bhealach comhtháite trí na cainéil chuí.

Faoin sruth oibre sin, tá pleanáil agus cur i bhfeidhm á ndéanamh ar thionscnaimh éagsúla for-rochtana agus mhúscailte feasachta. Áirítear leis sin láithreoireachtaí a thabhairt d'eagraíochtaí, idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin, feachtais faisnéise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, riachtanais faisnéise a shainaithint agus feabhas a chur ar shuíomhanna Gréasáin, ar fhoilseacháin agus ar fhoinsí gaolmhara faisnéise de chuid an ISI. Bíonn an ISI ag leanúint lena feachtas 'Back on Track' a chur chun cinn agus a leathnú.

Sa ráithe dheiridh den bhliain, d'fhreastail baill foirne den ISI ar líon ard tithe cúirte timpeall na tíre mar bheart a lean as cinneadh an Rialtais i mí na Bealtaine 2015 á rá go neartófaí tacaíocht dóibh sin i riaráiste morgáiste tí. Ba é an príomhchuspóir ná faisnéis agus cabhair ar an láithreán a chur ar fáil i gcomhar leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) do na daoine sin a raibh a dteach i mbaol a athshealbhaithe ag a n-iasachtóir urraithe. Leis an tionscnamh sin, méadaíodh an fheasacht ar na seirbhísí a chuireann an ISI ar fáil.

Bliain faoi Athbhreithniú - Forbairtí Eagraíochta

Lean an ISI dá próisis inmheánacha a athbhreithniú agus a fheabhsú chun a chinntiú go gcomhlíonann sí a feidhmeanna ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus dírithe ar chustaiméirí.

1.4 Féimheacht

Bhí méadú breise ann sa bhliain i líon na gcásanna féimheachta agus bhí éileamh breise ann lena linn ar sheirbhísí na rannóige Féimheachta ar fud gach réimse dá cuid oibríochtaí.

1.4.1 Treochtaí

Méadú 7% ar na 448 bhféimheacht a bhí ann in 2014, ar méadú 672% é ó 2013, a bhí i líon iomlán na bhféimheachtaí (479). Cuid suntais a bhí i líon méadaitheach na bhféichiúnaithe a bhí ag cur achainí faoi bhráid na hArd-Chúirte le haghaidh a bhféimheachtaí féin. B'ionann an líon sin agus 93% de na féimheachtaí ar fad.



1.4.2 Bainistíocht Athraithe

Rinne an rannóg athbhreithniú iomlán ar nósanna imeachta inmheánacha oibre agus chuaigh sí faoi mhór-athstruchtúrú. Cuireadh córas nua TFC chun feidhme agus rinneadh athbhreithniú iomlán faoi phróiseas Bainistíocht Athraithe ar bheartais, ar phróisis agus ar nósanna imeachta. Faoi dheireadh na bliana, chuimsigh an rannóg trí phríomhréimse gníomhaíochta (nó foirne cáis). Ba iad sin:

- Bainistíocht Cásanna
- Bainistíocht Sócmhainní
- Airgeadas

Cuireadh oiliúint inmheánach agus oiliúint sheachtrach ar fáil do bhaill foirne chun tacú leo ina róil nua.

1.4.3 Forfheidhmiú

Is é atá i bhféimheacht ná próiseas a sholáthraíonn faoiseamh fiachais d'fhéichiúnaithe agus ina n-aistrítear a sócmhainní go léir chuig an Sannaí Oifigiúil ag an am céanna. Chun sláine an chórais a choinneáil ar bun, caithfidh féimhigh nochtadh iomlán a dhéanamh agus comhoibriú leis an Sannaí Oifigiúil. I roinnt mhaith cásanna, aimsíodh in imscrúduithe go raibh sócmhainní neamhnochta ann, lenar áiríodh cuntais bhainc, carranna, réadmhaoine, ioncam cíosa agus aistrithe sócmhainní roimh fhéimheacht. Ba iad nósanna imeachta i gcás neamh-chomhoibriú ba chúis le príosúnacht agus le horduithe um théarma féimheachta a shíneadh i gcúinsí roimhe seo.

1.4.4 Cumarsáid le geallsealbhóirí

Cuireadh faisnéis nuashonraithe ar fáil ar fud na bliana do chleachtóirí, don phobal agus do na meáin maidir le reachtaíocht phríomhúil, Rialacha Cúirte agus cleachtais féimheachta.

Cuireadh seimineár ar an bpróiseas féimheachta ar siúl le haghaidh PIPanna, comhairleoirí airgeadais agus cleachtóirí dlí. Úsáideadh aiseolas ón seimineár sin mar ionchur inár bpróiseas athchóirithe maidir le reachtaíocht, Rialacha Cúirte agus cleachtais inmheánacha.

Tá sé beartaithe go reáchtálfar seimineár eile sa bhliain 2016.

1.5 Reachtaíocht/Feabhsuithe Beartais

1.5.1 Reachtaíocht

De réir fheidhm an ISI chun cur le beartas a fhorbairt sa réimse dócmhainneachta pearsanta, chuaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil chomhairle leis an ISI i dtaca le tograí ar fhéimheacht a athchóiriú agus ar athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha um dhócmhainneacht phearsanta.

1.5.2 Cás-Staidéir Chomparáide ar PIAnna/ar Fhéimheacht

D'fhorbair an ISI dhá chás-staidéar ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta (PIA) chun cabhrú le PIPanna an toradh airgeadais do chreidiúnaithe i bhféimheacht a chur i gcomparáid. Bhí

sé mar chuspóir príomha ag forbairt an dá chás ná tuilleadh soiléireachta agus comhsheasmhachta a thabhairt don ríomh comparáide PIA/féimheachta le leas gach geallsealbhóra. Foilsíodh na cás-staidéir i mí Mheán Fómhair 2015 agus leagadh béim iontu ar an dóigh a bhféadfaí comparáid a dhéanamh le toradh malartach do chreidiúnaithe i bhféimheacht.

1.5.3 Costais Mhaireachtála Réasúnacha

Mar a ceanglaíodh faoin reachtaíocht, athraíodh na Treoirlínte maidir le Caighdeán Maireachtála Réasúnach agus maidir le Costais Mhaireachtála Réasúnacha chun dáta i mí Iúil chun athruithe a rinneadh sa Bhuiséad, go háirithe an méadú ar shochar linbh, a léiriú. De bhreis air sin, forbraíodh áireamhán idirghníomhach nua cúig chéim chun Costais Mhaireachtála Réasúnacha a ríomh mar aon le treoir shimplithe le haghaidh an tsuímh Ghréasáin www.backontrack.ie.

1.5.4 Ráiteas scríofa lena nochtfar gnóthaí airgeadais uile an fhéichiúnaí

Tháinig na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Ráiteas Scríofa lena Nochtfar Gnóthaí Airgeadais Uile an Fhéichiúnaí), 2015 (I.R. Uimh. 416 de 2015), i bhfeidhm an 5 Deireadh Fómhair.

Forordaítear leis na Rialacháin sin an fhaisnéis atá le tabhairt sa ráiteas scríofa ó fhéichiúnaí ar mian leis/léi a bheith ina fhéichiúnaí/féichiúnaí sonraithe faoi Fhógra Faoisimh Fiachais (DRN) nó, de réir mar is infheidhme, ina pháirtí/páirtí, mar fhéichiúnaí, i gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais (DSA) nó i gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta (PIA), rud ina nochtfar gnóthaí airgeadais uile an fhéichiúnaí agus ina dtabharfar faisnéis maidir le creidiúnaithe, le fiachais agus le sócmhainní.

1.5.5 Na Rialacháin maidir le Táillí Forordaithe

Tháinig na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Táillí Forordaithe), 2015 (I.R. Uimh. 620 de 2015), i bhfeidhm an 22 Nollaig. Leagtar amach leis na Rialacháin sin na táillí is infheidhme maidir le hiarratas ar DRN agus le hiarratas ar Dheimhniú Cosantach i dtaca le DSA nó le PIA. Foráiltear leis na Rialacháin freisin go bhféadfar táillí i leith iarratais den sórt sin a tharscaoileadh ar feadh tréimhse shealadach tar éis theacht i bhfeidhm na Rialachán an 31 Nollaig 2017 nó roimh an dáta sin.

1.6 Rialáil

1.6.1 Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a Údarú agus Maoirseacht a Dhéanamh Orthu

Príomhchuspóir de chuid na rannóige Rialála is ea creat cuimsitheach maoirseachta a chur ar fáil atá ceaptha chun ionracas ról na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a chosaint agus a chinntiú

gur ar ardchaighdeán agus ar aon dul leis an reachtaíocht atá an tseirbhís a sholáthraítear d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe. Tá oibleagáid ar Chleachtóirí údaraithe Dócmhainneachta Pearsanta cloí leis na hAchtanna agus le haon rialacháin ghaolmhara.

Bhí 141 Chleachtóir údaraithe Dócmhainneachta Pearsanta ann ag deireadh na bliana 2015.

Ba i mí Aibreáin a chuir an rannóg Rialála tús lena clár cuairteanna maoirseachta do 2015.

Ba iad seo a leanas cuspóirí an chláir sin:

- caidreamh rialála láidir a choinneáil le PIPanna
- cumarsáid oscailte a éascú idir PIPanna agus an ISI
- cabhrú le sainaithint a dhéanamh, ag luathchéim, ar aon saincheisteanna nó ar aon bhacainní a chuireann cosc ar chomhshocraíochtaí dócmhainneachta pearsanta agus ar an margadh dócmhainneachta pearsanta feidhmiú go héifeachtach

Cuireadh 41 Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta faoi réir cuairteanna maoirseachta in 2015.

I mí na Bealtaine, scríobh an fhoireann Rialála chuig gach Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun iarraidh orthu ráiteas bliantúil faoi dheimhniú comhlíonta agus tuairisceán faisnéise a chomhlánú don bhliain 2014.

Mar chuid den mhaoirseacht leanúnach a dhéantar ar PIPanna, rinne an fhoireann Rialála faireachán ar shuíomhanna Gréasáin agus ar ábhair phoiblíochta na PIPanna chun a chinntiú go raibh an reachtaíocht agus na rialacháin á gcomhlíonadh acu.

Fuarthas gearán foirmiúil amháin in aghaidh PIP in 2015, rud ar chinn an ISI gur ghearán é a d'fhéadfaí a réiteach trí idirghabháil nó trí mhodhanna neamhfhoirmiúla eile.

1.6.2 Faireachán a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht Neamhúdaraithe

Lean an fhoireann Rialála le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht neamhúdaraithe. Le linn na bliana, rinneadh teagmháil le sé eintiteas a bhí ag gníomhú mar PIPanna de shárú ar an Acht agus tugadh ordú dóibh scor de gach gníomhaíocht neamhúdaraithe.

1.6.3 Idirghabhálaithe Ceadaithe

Ag deireadh na bliana 2015, bhí údarás ag 52 chuideachta de chuid MABS agus ag Eagraíocht Sealbhóirí Morgáiste na hÉireann seirbhísí Idirghabhálaí Cheadaithe a chur ar fáil ar fud na tíre. Taobh amuigh de na 53 Idirghabhálaí Cheadaithe sin, tá 128 nduine ann a chuireann an obair i gcrích thar ceann a gcuideachtaí ainmnithe is Idirghabhálaithe Ceadaithe.

Bhí teagmháil leanúnach agus cruinnithe leanúnacha ann le MABS agus leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí idirghabhálaí cheadaithe.

1.7 Bainistíocht Cásanna

Tá an ISI freagrach as iarratais ar chomhshocraíochtaí socraíochta fiachais a phróiseáil. Ina dhiaidh sin, cuirtear iad ar aghaidh chuig an gCúirt Chuarda, agus chuig an Ard-Chúirt i gcásanna áirithe, lena gcinneadh. Tar éis breitheanna Cúirte, leanann an ISI den tacaíocht riachtanach a chur ar fáil le linn shaolré na comhshocraíochta, rud a d'fhéadfadh bheith ann ar feadh suas le sé bliana i gcás DSA agus ar feadh suas le seacht mbliana i gcás PIA.

Le linn na bliana, lean an ISI ar aghaidh le híocaíocht €750 a dheonú do PIPanna i leith aon cháis inar dhiúltaigh creidiúnaithe, ag cruinniú creidiúnaithe, do thogra arbh fhearr an toradh a bheadh air ná an ceann a bheadh ar fáil do chreidiúnaithe i gcás féimheachta.

Ina theannta sin, chuaigh an rannóg Bainistíocht Cásanna i mbun roinnt imeachtaí líonraithe le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus le hIdirghabhálaithe Ceadaithe araon d'fhonn iad a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna tráthúla a bhaineann leis an timpeallacht dócmhainneachta pearsanta, leis an reachtaíocht agus leis na próisis Chúirte a chuirtear i bhfeidhm i leith iarratas.

Coimeádann an rannóg dlúth-theagmháil ar bun leis an tSeirbhís Chúirteanna.

Chuir an rannóg treoir rialta ar fáil do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus d'Idirghabhálaithe Ceadaithe ar fud na bliana trí bhíthin ríomh-nuachtlitreacha. Chomh maith leis sin, reáchtáil an rannóg roinnt cruinnithe réigiúnacha mar ar bhuail sí le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla agus ar fhorbairtí maidir le dócmhainneacht phearsanta agus ar na próisis a chuirtear i bhfeidhm maidir le hiarratais. Chuir an rannóg cruinnithe rialta ar siúl le MABS, le hIdirghabhálaithe Ceadaithe agus le geallsealbhóirí eile freisin.

1.7.1 Méadú in Iarratais

Le linn na bliana, fuair an ISI breis agus 2,028 n-iarratas; eisíodh 1,371 Dheimhniú Chosantacha agus ceadaíodh 1,208 gcomhshocraíocht ag cruinnithe creidiúnaithe agus sna Cúirteanna.






Comhshocraíochtaí a Ceadaíodh in 2015
700
600
500
400
300
200
100
0
DRN
DSA
PIA
96
43
129
123
75
148
51
64
185
76
39
179
346
221
641
R1 2015
R2 2015
R3 2015
R4 2015
Iomlán

An tAcht um Nochtadh Cosanta

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta ar bith don ISI sa bhliain 2015.

Oibleagáid i leith Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

1.8 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Ní mór don ISI tuairisc a thabhairt gach bliain ar úsáid fuinnimh na hoifige agus ar na tionscnaimh a bhíonn á ndéanamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh. Leagtar amach sa tábla thíos an tuairisceán do 2015 a chuir an ISI faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 542 de 2009.

	Leictreachas	Gás
2015	287,105 kWh	457,693 kWh

Déan Teagmháil Linn

Líne Faisnéise: 076 106 4200 / +353 76 106 4200

Saorthéacs: Seol téacs saor in aisce chuig an ISI ar 50015

Ríomhphost: info@isi.gov.ie / press@isi.gov.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.isi.gov.ie / www.backontrack.ie

Facebook: Back-On-Track

Aguisín I

Liosta de na nuashonruithe ábhartha reachtaíochta a rinneadh in 2015

Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla (I.R.)

- An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 32 de 2015)
- An tAcht Féimheachta (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 60 de 2015)
- An tOrdú fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015 (Tosach Feidhme), 2015 (I.R. Uimh. 414 de 2015)
- Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Ráiteas Scríofa lena Nochtfar Gnóthaí Airgeadais Uile an Fhéichiúnaí), 2015 (I.R. Uimh. 416 de 2015)
- Na Rialacha Cúirte Cuarda (Dócmhainneacht Phearsanta), 2015 (I.R. Uimh. 506 de 2015)
- Rialacha na nUaschúirteanna (Dócmhainneacht Phearsanta), 2015 (I.R. Uimh. 507 de 2015)
- An tOrdú fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2015 (Tosach Feidhme), (Uimh. 2) 2015 (I.R. Uimh. 514 de 2015).
- Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Táillí Forordaithe), 2015 (I.R. Uimh. 620 de 2015).

Liosta foilseachán de chuid an ISI a (ath)eisíodh in 2015

Foilseacháin 'Back on Track'

- Dealing with Debt
- Debt Relief Notice (DRN)
- Debt Settlement Arrangement (DSA)
- Personal Insolvency Arrangement (PIA)
- A Guide to Personal Insolvency Practitioners (PIPs)
- Information about Bankruptcy
- Back on Track Guide - Information about Bankruptcy
- Back on Track Guide - After you are made Bankrupt
- Debtors Guide to Bankruptcy

Leathanaigh Ghréasáin a cruthaíodh le linn 2015

- Leathanach maidir le cúrsaí athshealbhaithe ar www.backontrack.ie
- Faisnéis faoi chúrsaí féimheachta ar www.backontrack.ie
- Áireamhán chun Costais Mhaireachtála Réasúnacha a ríomh, atá ar fáil ar www.isi.gov.ie agus ar www.backontrack.ie araon.

Foilsiú treoirlínte athbhreithnithe maidir le Costais Mhaireachtála Réasúnacha agus le Caighdeán Maireachtála Réasúnach

- Reasonable Living Expenses Guidelines agus Background Information

Tuarascálacha Staidrimh do 2015

- Tuarascáil Staidrimh - Ráithe 1
- Tuarascáil Staidrimh - Ráithe 2
- Tuarascáil Staidrimh - Ráithe 3
- Tuarascáil Staidrimh - Ráithe 4

Aguisín II: Fís, Misean, Spriocanna agus Luachanna an ISI don tréimhse 2016 - 2019

Tugtar achoimre thíos ar ár bhFís, ar ár Misean, ar ár Luachanna agus ar ár Spriocanna, agus iad tógtha as Plean Straitéiseach an ISI don tréimhse 2016 – 2019. Tá na Príomhthháscairí Feidhmíochta atá mar bhonn agus thaca ag na spriocanna sin leagtha amach sa Phlean Straitéiseach.



Struchtúr Eagrúcháin in 2016

Leagtar amach sa léaráid seo a leanas na bpríomhréimsí gnó de chuid an ISI.

Lorcan O'Connor
Stiúrthóir

Christopher Lehane
Sannaí Oifigiúil Féimheacht

Freagrach as eastáit féimheachta a riar faoi na hAchtanna Féimheachta 1988-2015

Randall Plunkett
Bainistíocht Cásanna

Freagrach as bainistiú agus as próiseáil a dhéanamh ar na trí réiteach faoisimh fiachais faoi na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus 2015, agus as an Líne Faisnéise a oibriú

John Farrell
Rialáil agus Beartas

Creat cuimsitheach údarúcháin agus maoirseachta a chur ar fáil do chleachtóirí. Cur le beartas a fhorbairt agus comhairle a chur ar an Aire faoi aon ábhair a bhaineann le feidhmeanna an ISI

Liza Doyle
Seirbhísí Dlí

Freagrach as seirbhísí dlí a chur ar fáil do gach rannóg den ISI

Sean Murphy
Gnóthaí Corparáideacha

Freagrach as gach ábhar rialachais agus as raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar don ISI

Baill den Fhoireann Ardbhainistíochta*

*In éagmais Boird Reachtúil, bhunaigh an ISI Foireann Ardbhainistíochta. Tagann an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra. Is ag cruinnithe foirmiúla na Foirne Ardbhainistíochta a dhéantar breithniú ar gach mórcheist straitéiseach a thagann roimh an ISI agus tagann an Fhoireann le chéile go tráthrialta.